



An Roinn Gnó,  
Fiontar agus Nuálaíochta  
Department of Business,  
Enterprise and Innovation

# Pleanáil Leanúnachais Gnó

## Seicliosta de ghníomhartha ullmhúcháin chun freagairt do COVID-19

# Freagairt do Ráig COVID-19

## SEICLIOSTA DO PHLEANÁIL LEANÚNACHAIS GNÓ

Seo a leanas seicliosta de roinnt de na príomhrioscaí a bhaineann le leanúnachas do ghníomhaíochtaí gnó i rith ráig de COVID-19 agus cuid de na gníomhartha ullmhúcháin is féidir a dhéanamh chun freagairt do ráig de COVID-19.

Tá go leor de na gníomhartha seo cosúil leis na gníomhartha a bheadh i gceist i rith bagartha mórán mar an gcéanna, cosúil leis na hullmhúcháin a bheadh le déanamh do phaindéim fliú. Ba cheart do d’eagraíocht smaoineamh ar chomhordaitheoir pleanála agus/nó foireann a cheapadh ar a bhfuil freagrachtaí sonracha agus buiséad a leagan síos do phleanáil agus d’ullmhacht. Ba cheart leas-chomhordaitheoir a cheapadh chomh maith.

Má tá próiseas pleanála leanúnachais gnó bunaithe ag d’eagraíocht cheana féin, ba cheart duit smaoineamh ar dhéileáil le COVID-19 laistigh den phróiseas sin. Maidir le COVID-19, tá sé tábhachtach go n-úsáideann d’eagraíocht na hacmhainní, na póstaer agus an treoir náisiúnta atá ar fáil agus a nuashonraítear go rialta i bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an scéal.

Tá na naisc le haghaidh acmhainní COVID-19 le fáil anseo:

Faisnéis	Nasc
D’fhostóirí agus d’fhostaithe	<a href="http://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/employersemployeesguidance/">www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/employersemployeesguidance/</a>
CCanna	<a href="http://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/frequentlyaskedquestions/">www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/frequentlyaskedquestions/</a>
Póstaer	<a href="http://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/posters/">www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/posters/</a>
Treoraíocht	<a href="http://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/infectionpreventionandcontrolguidance/">www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/infectionpreventionandcontrolguidance/</a>

## Gníomhaíochtaí Pleanála

Níl tosaithe	Ar siúl	Críochnaithe	
			1.1 Sann freagracht as pleanáil agus ullmhacht d'fheidhmeannach sinsearach agus do leas-fheidhmeannach
			1.2 Faigh eolas faoi COVID-19
			1.3 Téigh i gcomhairle leis an gcuideachta, le hoibrithe agus le hionadaithe oibrithe
			1.4 Téigh i gcomhairle le soláthraithe maidir le bearta atá á gcur i gcrích acu agus maidir le haon chur isteach ar shlabhraí soláthair
			1.5 Déan measúnú ar thionchar 'ardleibhéil' ar do ghnó agus tabhair tús áite don phróiseas pleanála
			1.6 Forbair plean leanúnachais gnó
			1.7 Bunaigh údaráis, truícir agus nósanna imeachta chun an plean a chur chun feidhme
			1.8 Tástáil an plean i rith cleachtaí
			1.9 Roinn dea-chleachtas le gnóthaí eile
			1.10 Athbhreithnigh an plean ar bhonn tréimhsiúil

## Ceisteanna Gnó nach mór Déileáil leo

Níl tosaithe	Ar siúl	Críochnaithe	
			2.1 Sainaithe gníomhaíochtaí agus fostaithe criticiúla agus na hionchuir atá riachtanach chun iad a chur ar fáil go leanúnach
			2.2 Smaoinigh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag neamhláithreacht fostaithe
			2.3 Smaoinigh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheadh ag cur isteach ar sholáthar ionchur ó sholáthraithe in Éirinn agus ó sholáthraithe thar lear
			2.4 Scrúdaigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag COVID-19 ar do mhargadh agus ar riachtanais do chustaiméirí
			2.5 Sainaithe agus comhaontaigh riachtanais straitéiseacha
			2.6 Smaoinigh ar an ngá atá le cruinnithe aghaidh ar aghaidh má scaiptear COVID-19 i measc an phobail agus má tá baol ann go mbeidh an víreas á scaipeadh ó dhuine go duine. Smaoinigh ar an bhféidearthacht a bhaineann le cianobair.
			2.7 Bunaigh údaráis, truícir agus nósanna imeachta chun an plean a chur chun feidhme.
			2.8 Smaoinigh ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le taisteal chun críche gnó mar gheall ar COVID-19
			2.9 Smaoinigh ar na himpleachtaí bainistíochta airgeadais a bheidh i gceist mar thoradh ar COVID-19
			2.10 Scrúdaigh ar an méid a bheidh daoine eile ag brath ar do ghnó mar gheall ar COVID-19
			2.11 Smaoinigh ar na himthosca ina mbeadh ort an méid oibre atá ar bun agat a laghdú nó stop a chur le hoibríochtaí mar gheall ar COVID-19

## Beartha chun Tacú le Leanúnachas

Níl tosaíthe	Ar siúl	Críochnaithe	
			3.1 Ainmnigh leas-fheidhmeannaigh
			3.2 Déan cross-oiliúint, agus sainaithin foinsí malartacha saothair
			3.3 Déan cumarsáid leis an bhfoireann ar bhealach atá oiriúnach ag brath ar staid reatha COVID-19 agus de réir na moltaí náisiúnta
			3.4 Ullmhaigh plean cumarsáide éigeandála
			3.5 Pleanáil le haghaidh níos mó úsáide a bheith á baint ag fostaithe as seirbhísí leasa
			3.6 Ullmhaigh polasaithe maidir le saoire bhreiteachta agus saoire atruach mar gheall ar COVID-19
			3.7 Ullmhaigh polasaithe maidir le taisteal thar lear i rith ráig COVID-19
			3.8 Pleanáil le haghaidh riachtanas foirne thar lear
			3.9 Déan socruithe lena chinntiú go bhfuil soláthairtí ar fáil i rith ráig COVID-19
			3.10 Smaoinigh ar athruithe a chur i bhfeidhm ar do tháirge, do sheirbhís, nó d'idirghníomhaíocht le custaiméirí, mar gheall ar COVID-19, agus pleanáil le haghaidh aon athruithe a shíleann tú atá oiriúnach
			3.11 Athbhreithnigh cumhdach árachais

## Freagairt do Rioscaí san Ionad Oibre mar gheall ar COVID-19

Níl tosaithe	Ar siúl	Críochnaithe	
			4.1 Ullmhaigh polasaithe maidir le hiompar sláinteach d'fhostaithe agus cuairteoirí chuig an áitreabh de réir na moltaí náisiúnta. Cloígh le nósmhairacht riospráide agus polasaithe maidir le sláinteachas lámhe.
			4.2 Pleanáil chun áiseanna a sholáthar chun lámha a ní, do shláinteachas lámhe, diúscairt ciarsúir pháipéir agus áiseanna eile de réir na moltaí náisiúnta
			4.3 Pleanáil chun an ionad oibre a ghlanadh go minic agus go héifeachtach de réir na moltaí náisiúnta
			4.4 Ullmhaigh polasaithe de réir na moltaí náisiúnta chun comhairle a chur orthu siúd a bhfuil COVID-19 orthu, nó a shíltear a bhfuil COVID-19 orthu
			4.5 Pleanáil bearta chun teagmháil aghaidh ar aghaidh le custaiméirí / soláthraithe agus idir fostaithe ó shuíomhanna difriúla a laghdú
			4.6 Sainaithe bearta eagraíochta oibre ar féidir iad a chur i bhfeidhm chun an fhéidearthacht atá ann go mbeidh an víreas á scaipeadh idir fostaithe san ionad oibre a laghdú
			4.7 Ullmhaigh polasaithe le haghaidh suíomhanna oibre solúbtha (e.g. teilea-oibriú) agus uaireanta oibre solúbtha (e.g. sealobair)
			4.8 Infreastruchtúr TFC a sholáthar chun tacú le teilea-oibriú agus idirghníomhaíocht chianda le custaiméirí

Sínithe  
(An Feidhmeannach Freagrach)